Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16981/24**

**AGRI 890**
**AGRIFIN 148**
**FIN 1131**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15963/1/24 REV 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'An fheirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach: bearnaí agus neamhrialtachtaí ag cur bac ar rath an bheartais'<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *'An fheirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach: bearnaí agus neamhrialtachtaí ag cur bac ar rath an bheartais',*

a ghlac an Chomhairle ag an 4071ú cruinniú a bhí aici, an 17 Nollaig 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'An fheirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach: bearnaí agus neamhrialtachtaí ag cur bac ar rath an bheartais'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2024 ón gCúirt dar teideal 'An fheirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach: bearnaí agus neamhrialtachtaí ag cur bac ar rath an bheartais', ina ndéantar measúnú ar dhearadh agus ar chur chun feidhme na feirmeoireachta orgánaí agus ar an tacaíocht di ar leibhéal an Aontais sa tréimhse ó 2014 go dtí 2022 agus ar fhreagraí an Choimisiúin ar an tuarascáil sin;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE tátal na Cúirte gur úsáideadh cistí CBT chun an limistéar ina ndéantar feirmeoireacht orgánach a mhéadú ar leibhéal an Aontais agus go raibh bearnaí ann i mbeartais an Aontais agus i mbeartais náisiúnta araon maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus tugann sí dá haire freisin na moltaí ón gCúirt don Choimisiún creat straitéiseach an Aontais don earnáil orgánach a neartú agus an nasc le tacaíocht CBT a fheabhsú.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI tuairim na Cúirte go bhfuil an Plean Gníomhaíochta reatha don fheirmeoireacht orgánach (2021-2027)[1] níos fearr ná an plean a bhí ann roimhe seo agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí don Choimisiún bealach a bhunú chun dul chun cinn a thomhas i réimse na feirmeoireachta orgánaí, chun na cuspóirí comhshaoil agus margaidh a chomhtháthú níos fearr i dtacaíocht CBT agus chun na sonraí ábhartha a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt na hearnála orgánaí.

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún – *An action plan for the development of organic production* [Plean gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt], COM(2021) 141 final.

4. LEAGANN SÍ BÉIM ar thiomantas láidir na mBallstát leanúint d'fhorbairt na feirmeoireachta orgánaí a dearbhaíodh freisin ina bPleananna Straitéiseacha CBT, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh pleananna náisiúnta uaillmhianacha na mBallstát chun an fheirmeoireacht orgánach a fhorbairt, pleananna a bheidh ag gabháil le creat CBT sa limistéar;

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le stuamacht agus measúnú á dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs na héiginnteachta polaitiúla agus eacnamaíche agus MEASANN SÍ go bhfuil solúbthacht de dhíth ar na Ballstáit chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na réitigh is iomchuí a bheidh dírithe ar a gcoinníollacha sonracha i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta;

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le creat dlíthiúil soiléir simplithe agus intuartha i réimse na feirmeoireachta orgánaí;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíoch chun an earnáil a fhorbairt a thuilleadh agus chun an t-éileamh a neartú; tugtar le tuiscint go n-úsáidfear raon leathan uirlisí mar shampla feachtais feasachta, gníomhaíochtaí soláthair phoiblí agus cur chun cinn, cláir scéimeanna scoile agus feachtais oideachais agus TUGANN SÍ AIRD ar an ngá atá le seirbhísí comhairleacha iomchuí agus feachtais oideachais iomchuí d'fheirmeoirí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, tacaíocht a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí sin;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go spreagfaidh an Coimisiún – mar atá molta ag an gCúirt – na Ballstáit chun úsáid na tacaíochta ó CBT a nascadh ar bhealach níos fearr leis na riachtanais a shainaithnítear san earnáil orgánach chun creat straitéiseach an Aontais don earnáil orgánach a neartú;

9. AONTAÍONN SÍ le rún an Choimisiúin treoir a thabhairt do na Ballstáit chun na rialacha a shainítear sa Rialachán Orgánach a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tá sí sásta go bhfuil sé toilteanach measúnú a dhéanamh ar an méid a chuireann cistí CBT le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch na feirmeoireachta orgánaí, chun cuspóirí comhshaoil agus margaidh na feirmeoireachta orgánaí a chomhtháthú níos fearr le CBT.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an Coimisiún réidh chun oibriú leis na Ballstáit chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na tacaíochta ó CBT don fheirmeoireacht orgánach ar chuspóirí CBT a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar cháilíocht an bhailithe sonraí le haghaidh gnéithe comhshaoil agus sóisialta d'fhonn a áirithiú go mbeidh sonraí ábhartha ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt na feirmeoireachta orgánaí agus, ag an am céanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil dúshlán ag baint leis an ualach a eascraíonn as sonraí a bhailiú faoi CBT reatha cheana féin agus gur cheart é a bheith faoi réir an tsimplithe.